# A fhir do-ní an t-éad

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha,* no. 94]

1 A fhir do-ní an t-éad,
binn an sgéal do chor;
ní tuilltear é uait,
is iongnadh gruaim ort.

2 Bean dhoidhealbhtha dhuairc
minic nach bhfuair gean;
gidh iongnadh leat é,
is leat féin do bhean!

3 A ghiolla na rún,
is ait dúinn do chor,
ag coimhéad do mhná, -
sin an fál gan ghort!

4 Aon do chéad do chách
atá slán mar taoi;
ní fáth eagla dhuit
teanga i bpluic fád mhnaoi.

5 Ná creid neach dá mair
ort dá brath go héag;
ná fágaibh-se an tír,
a fhir do-ní an t-éad!